Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Samhain 2020
(OR. en)

11990/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0200 (NLE)**

**UD 294**
**ALB 4**
**COMER 137**
**MED 61**
**WTO 262**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAlbáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar an gComhaontú sin trí Phrótacal 4 a ghabhann leis a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa "táirgí tionscnaimh" agus modhanna comhair riaracháin a ionadú |

**CINNEADH (AE)…/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAlbáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar an gComhaontú sin trí Phrótacal 4 a ghabhann leis a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa "táirgí tionscnaimh" agus modhanna comhair riaracháin a ionadú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais ("an Comhaontú") idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAlbáine, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích le Cinneadh 2009/332/CE, Euratom ón gComhairle agus ón gCoimisiún[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Aibreán 2009.

(2) Áirítear sa Chomhaontú Prótacal 4, prótacal a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa "táirgí tionscnaimh" agus modhanna comhair riaracháin ("Prótacal 4"). De bhun Airteagal 3 den Phrótacal sin, féadfaidh an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais a bunaíodh le hAirteagal 116 den Chomhaontú ("an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais") a chinneadh forálacha Phrótacail 4 a leasú.

(3) Glacfaidh an Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais cinneadh lena leasaítear an Comhaontú trí Phrótacal 4 a ionadú ("cinneadh") le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh aici, roimh dheireadh 2023.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí cheangailteacha dlíthiúla ag an gcinneadh san Aontas.

---

1 Cinneadh 2009/332/CE, Euratom ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2009 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAlbáine, den pháirt eile (IO L 107, 28.4.2009, lch.165).

(5) Thug an tAontas an Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara ("an Coinbhinsiún") i gcrích le Cinneadh 2013/94/AE ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm i ndáil leis an Aontas an 1 Bealtaine 2012. Leagtar síos leis forálacha maidir le tionscnamh earraí a thrádáiltear faoi na comhaontuithe saorthrádála déthaobhacha ábhartha arna dtabhairt i gcrích idir na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún, ar forálacha iad a mbeidh feidhm acu gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe déthaobhacha sin.

(6) Foráiltear le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún go ndéanfaidh gach Páirtí Conarthach bearta iomchuí chun a áirithiú go gcuirfear an Coinbhinsiún i bhfeidhm go héifeachtach. Chuige sin, tabharfaidh an cinneadh tagairt dhinimiciúil isteach sa Choinbhinsiún i bPrótacal 4, ionas go dtagraítear i gcónaí don leagan is déanaí den Choinbhinsiún atá i bhfeidhm.

(7) Mar thoradh ar an bplé maidir leis an gCoinbhinsiún a leasú, tá tacar nua rialacha tionscnaimh atá nuachóirithe agus níos solúbtha ann atá le hionchorprú sa Choinbhinsiún. Chomhaontaigh an tAontas agus Poblacht na hAlbáine tacar malartach rialacha tionscnaimh a chur i bhfeidhm a luaithe is féidir, iad bunaithe ar na rialacha sa Choinbhinsiún leasaithe, a fhéadfar a úsáid go déthaobhach, mar rialacha tionscnaimh is rialacha malartacha ar na rialacha sin a leagtar síos sa Choinbhinsiún ("Rialacha idirthréimhseacha"), go dtí go dtabharfar an leasú ar an gCoinbhinsiún i gcrích agus go dtiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm. Chuige sin, déanfaidh an cinneadh foráil freisin do na Rialacha idirthréimhseacha.

---

[1] Cinneadh 2013/94/AE ón gComhairle an 26 Márta 2012 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha uile-Eora-Mheánmhara (IO L 54, 26.2.2013, lch. 3).

(8) Sa limistéar carntha ina bhfuil Stáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE), Oileáin Fharó, an tAontas, Poblacht na Tuirce, na rannpháirtithe sa Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, Poblacht na Moldóive, an tSeoirsia agus an Úcráin, ba cheart an fhéidearthacht maidir le deimhnithe gluaiseachta EUR.1 nó dearbhuithe tionscnaimh a úsáid in ionad deimhnithe gluaiseachta EUR-MED nó dearbhuithe tionscnaimh EUR-MED, de mhaolú ar fhorálacha an Choinbhinsiúin maidir le carnadh trasnánach i measc na rannpháirtithe sin, ba cheart an fhéidearthacht sin a choinneáil ar bun.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAlbáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar an gComhaontú sin trí Phrótacal 4 a ghabhann leis a ionadú, bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais[1].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha agus rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2023.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST 11141/20 ar http://register.consilium.europa.eu.